Sa bhaile

le BORD GÁIS ENERGY SUPPLY

Áisiúlacht den scoth! Is féidir a bheith ag féachaint ar do bhille agus é a íoc, ar líne anois

Laghdú 10% ar phraghsanna gáis nádúrtha

Cén t-athrú a dhéanfaidh tú?

Gás nádúrtha... arna dhéanamh ar feadh na milliún bliain!

Promoting sustainable forest management and recycling

BGESAH0207

Issue 2

Áisiúlacht den scoth! Is féidir a bheith ag féachaint ar do bhille agus é a íoc, ar líne anois.

Ní gá ach clárú ar ár suíomh idirlín nua ag www.bordgaisenergysupply.ie agus ansin is féidir leas a bhaint as réimse de sheirbhísí atá áisiúil agus tapa.

- **Tabhair spléachadh ar na 7 mbille dheireanacha a bhí agat**
- **Íoc do bhille ar líne le do Chárta Laser nó Creidmheasa**
- **Féach ar na bearta a rinneadh ó do bhille deireanach**
- **Faigh amach cathain a eiseofar do chéad bhille eile**
- **Déan athbhreithniú agus iarr athruithe ar shonraí do chuntais**
- **Cuir iarratas isteach ar Dhochar Díreach**

Ní gá ach uimhir do chuntais agus d'ainm mar atá sé ar do bhille, a chur ar fáil. Mar sin logáil isteach ag www.bordgaisenergysupply.ie agus beidh tú in ann go leor ama a shábháil duit féin!

Laghdú 10% ar phraghsanna gáis nádúrtha

Ón 1ú lá Feabhra 2007, beidh custaiméirí Sholáthar Fuinnimh Bhord Gáis ag baint leasa as an titim agus an cobhsú a tháinig ar phraghsanna mórdhíola an gháis nádúrtha le déanaí. Tá laghdú 10% tagtha ar phraghsanna an gháis nádúrtha tí dá bharr. Ciallaíonn sé seo go bhfuil praghsanna an gháis nádúrtha in Éirinn i bhfad thíos faoi mhéan an AE.

Tá gás nádúrtha an-éifeachtúil, iomaíoch ó thaobh praghais de agus eisíonn sé níos lú d'astuithe díobhálacha ná mar a dhéanann breoslaí iontaise eile.

Tugann an tábla thíos breac-chuntas ar na taraifí atá ar fáil do chustaiméirí tís agus ar na rátaí nua atá i bhfeidhm ón 1ú lá Feabhra 2007 ar aghaidh. Molaimid duit athbhreithniú a dhéanamh ar d'úsáid bhliantúil agus seiceáil go bhfuil tú ar an taraif is fearr a dhéanann freastal ar do riachtanais, le cinntiú go bhfaigheann tú an fiúntas is fearr ó úsáid an gháis nádúrtha.

Cuir glaoch orainn ag 1850 632 632 nó tabhair cuairt ar an suíomh idirlín nua seo a leanas chun seiceáil a dhéanamh ar an taraif is fearr duit, chun seiceáil a dhéanamh ar ár roghanna íocaíochta, nó chun moltaí a fháil faoi shábháil fuinnimh - www.bordgaisenergysupply.ie

Taraif	Ráta Aonaid don cent kWh		Táille Sheasta in aghaidh na bliana €	Leibhéal Úsáide in aghaidh na bliana* kWh	
Ráta Laghdaithe	10.771 8.074 5.709	0 go 585 kWh 586 go 1,170 kWh Níos mó ná 1,170 kWh	57.30	Faoi 6,500	Nóta 1
Gnáthráta	4.091		308.58	6,500 go 7,625 10,250 go 13,500 Níos mó ná 24,000	
Ceangaltas Úsáide Ísle	7.089		Nialas	7,625 go 10,250	Nóta 2
Ceangaltas Úsáide Airde	5.385		Nialas	13,500 go 24,000	Nóta 3
Ráta Órga (daoine os cionn 65 bliain d'aois)	7.089		Nialas	Faoi 10,250	

*Tá na leibhéil úsáide atá ar taispeáint sa tábla thuas, mar threoir le cabhrú leat taraif áirithe a roghnú. Cuir glaoch ar 1850 632 632 chun comhairle sa bhreis a fháil faoi na taraifí atá ar fáil nó chun do tharaif a athrú.

Nóta 1 Ráta Laghdaithe – má úsáideann tú idir 4,500 agus 6,500 kWh thar 6 thréimhse billeála (12 mí), oibrítear amach cén taraif is fearr duit, bunaithe ar an bpátrún úsáide atá agat i rith an ama sin. Cuir glaoch ar 1850 632 632 chun comhairle sa bhreis a fháil.

Nóta 2 Ceangaltas Úsáide Ísle– socraíonn tú go gceannóidh tú íosmhéid de 8,750 kWh thar 6 thréimhse billeála (12 mí) ag an ngnáthráta(í).

Nóta 3 Ceangaltas Úsáide Airde – socraíonn tú go gceannóidh tú íosmhéid de 16,000 kWh thar 6 thréimhse billeála (12 mí) ag an ngnáthráta(í).

Tá CBL de 13.5% san áireamh sna praghsanna

1°C - Is beag an difear a thabharfaidh tú faoi deara.

Dá ndéanfá an teas lárnach a ísliú aon chéim amháin go dtí 20 °C, d'fhéadfá thartar 10% a shábháil ar do bhille.

Cén t-athrú a dhéanfaidh tú?

Ní gá dó a bheith an-mhór, ach déanfaidh sé difear ollmhór.
Seo cúpla moladh duit, má bhíonn tú ag cócaireacht nó ag téamh do thí le gás nádúrtha.

Téamh

- Bain úsáid as an riail 30 nóiméad. Socraigh an teas ionas go múchfaidh sé 30 nóiméad roimh am luí agus ionas go dtiocfaidh sé ar siúl 30 nóiméad sula n-éireoidh tú ar maidin.
- Múch an teas nuair nach mbíonn tú istigh, nó má bhíonn tú imithe ar feadh roinnt laethanta.
- Bíodh seirbhísiú déanta ar do choire gáis nádúrtha go bliantúil, le cinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtúil.

Cócaireacht

- Má bhíonn tú ag cócaireacht le gás, bíodh a fhios agat gurb é an tseilf is airde an ceann is teo i gcónaí agus bíonn an bia á chócaráil níos tapúla ansin.
- Éalaíonn 20% den teas gach uair a osclaíonn tú doras an oighinn, mar sin cuir teorainn leis an oiread uaireanta a dhéanann tú seiceáil ar an mbia.
- Bí cinnte go gclúdaíonn an pota iomlán an fháinne ar an gcócaireán, agus cuir claibíní ar na potaí, pé uair is féidir.

Tá **Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis** lánsásta a bheith bainteach le **power of one**, clár éifeachtúlachta na hÉireann. Is féidir linn go léir difear ollmhór a dhéanamh má thosaímid le hathrú simplí amháin. B'fhiú duit suirbhé fuinnimh a dhéanamh, le féachaint conas a éiríonn le do theach. Tabhair cuairt orainn ag **www.powerofone.ie** chun eolas a fháil faoi bhealaí eile chun fuinneamh, airgead agus an timpeallacht a shábháil.

power of one
éifeachtúlacht fuinnimh in Éirinn

Department of Communications, Marine and Natural Resources
Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Gás nádúrtha – turas iontach a thosaigh na milliúin bliain ó shin

Ní hamháin go bhfuil gás nádúrtha ina fhoinse fuinnimh atá saor agus áisiúil – ach tá sé mar thoradh ar phróiseas atá ar siúl leis na milliúin bliain le teacht ó íochtar an domhain go dtí do theachsa.

Cruthaíodh an gás nádúrtha atá in úsáid againn anois, na milliúin bliain ó shin.

Nuair a fuair na plandaí agus na hainmhithe beaga a mhair ag grinneall na farraige bás, chuaigh siad go tóin poill. Clúdaíodh iad le cisil de láib agus de ghaineamh de réir a chéile, agus cruthaíodh foirmíochtaí carraige astu mar thoradh ar an mbrú ollmhór a chuir meáchan na láibe agus an ghainimh orthu.

De réir mar a mhéadaigh ar an mbrú agus ar an teas sna carraigeacha os a gcionn, d'athraigh ábhar na bplandaí agus na n-ainmhithe ina ola agus gás agus tá an gás níos coitianta dá dhoimhne a théitear síos, san áit a a bhfuil an teocht níos airde.

Charnaigh an gás i gcisil de charraig bhog (cosúil le gaineamh) agus bhí sé sáite idir na cisil de charraig chrua a bhí go domhain thíos faoi dhromchla an domhain, áit ar fhan sé go dtí gur fheabhsaigh an teicneolaíocht drilleála agus píoblíne le linn an chéid seo caite. Anois ligeann siad seo dúinn gás nádúrtha a aimsiú agus an iompar chuig do theach go sábháilte.